AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0010/2017

MEÁNSCOILEANNA DEONACHA

LEITHDHÁILEADH CEADAITHE DE PHOIST TEAGAISC
SCOILBHLIAIN 2017/18

1 Leithdháileadh údaraithe de phoist teagaisc don scoilbhliain 2017/18

1.1 An tAcht Oideachais

Chun críche Alt 24(2) den Acht Oideachais 1998 (arna leasú ag an Acht Oideachais (Leasú) 2012), déantar leithdháileadh na bpost teagaisc don scoilbhliain 2017/18 a ríomh de réir na rialacha atá léirithe sa chiorclán seo agus tá sé bunaithe ar rollú aitheanta daltaí ar chúrsaí faofa ar an 30 Meán Fómhair 2016.

1.2 Cáinaisnéis 2017

(i) Leithdháileadh breise chun tacú le ceannaireacht scoile

Le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017 tá coibhéis 170 post teagaisc sa bhreis á gcur ar fáil do scoileanna dara leibhéal a bhfuil breis agus 700 dalta iontu chun Príomhoidí Ionaid a scaoileadh saor ó am ranga sa chaoi go mbeidh siad ar fáil níos mó chun cabhrú leis an bPríomhoide agus le ceannaireacht na scoile.

(ii) Feabhsúcháin i soláthar acmhainní do Phlean Treorach na Scoile Uile – Coigeartú ar chuid de na hacmhainní a gearradh i gCáinaisnéis na bliana 2012

Rinneadh coibhéis 300 post a choigeartú i Meán Fómhair na bliana 2016 trí laghdú a dhéanamh ar an gCóimheas idir Daltaí agus Múinteoir (CDM). I gCáinaisnéis na bliana 2017 cuireadh coibhéis 100 post breise eile ar fáil. I gCáinaisnéis na bliana 2012 bhí ar scoileanna soláthar a dhéanamh do threoir ón bpríomh-leithdháileadh foirne. Le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017, déanfar coigeartú ar dhá thrian de líon na bpost a baineadh de na scoileanna i gCáinaisnéis na bliana 2012.

Léiríodh ó thorthaí an Athbhreithnithe a rinne an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas sa bhliain 2013 ***Athbhreithniú ar Sholáthar Treoirchomhairleoireachta i***

Scoileanna Dara Leibhéal 2012-2013, agus ó Iniúchóireacht Náisiúnta faoi stiúir Institiúid na gComhairleoirí Treorach, gur laghdaíodh meánlíon na n-uaireanta seachtainiúla do threoir faoi níos mó ná 25%, agus gur sna huaireanta treoirchomhairleoireachta ar bhonn duine le duine is mó a bhí an laghdú sin le sonrú. Tugann sé seo le fios nár choinnigh na scoileanna ar an meán ach beagán níos lú ná 75% de na huaireanta cleachtaidh seo ar an iomlán. D'éirigh le príomhoidí scoile seo a bhaint amach ar an mórchuid trí laghdú a dhéanamh ar líon na n-ábhar a chuir na scoileanna ar fáil do na daltaí agus/nó trí líon na ndaltaí sna ranganna a mhéadú.

Difríochtaí idir scoileanna maidir le coigeartú
Cé go léirítear meánchaillteanas de níos mó ná 25% ar sholáthar treorach, ní mór do scoileanna déileáil le heasnaimh éagsúla chun soláthar treorach a thabhairt ar ais chuig an soláthar a bhíodh ann. Ba cheart scoileanna a choinnigh céatadán ard de sholáthar treorach le blianta beaga anuas a bheith in áit níos fearr chun go ndéanfaí coigeartú iomlán air seo níos luaithe ná na scoileanna a raibh orthu gearradh siar níos mó a dhéanamh ar sholáthar treorach de bharr Cháinaisnéis na bliana 2012. Ba cheart scoileanna a bhfuil soláthar treorach coigeartaithe acu a bheith in ann cúiteamh a dhéanamh ar chuid de thionchar beartas Cháinaisnéis na bliana 2012 ar rogha ábhar nó ar líon daltaí sa rang, chomh maith le bheith in ann soláthar a dhéanamh ar threoirchomhairleoireacht duine le duine agus ar leithdháileadh ama don ról a theastaíonn faoin bPlean Gníomhaíochta um Oideachas 2017 ag tacú leis an bhFoireann Tacaíochta do Dhaltaí.

Plean Treorach na Scoile Uile
Gníomhaíocht scoile uile is ea an treoir agus déanann gach scoil plean treorach scoile a fhorbairt i gcomhar mar mhodh chun tacú le riachtanais a cuid daltaí. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh gach ball foirne a chuireann le saol na scoile aitheantas iomlán don treoir agus go gcinnteodh siad go mbeadh an treoir lárnach i ngach gné de shaol na scoile. Ba chóir go dtabharfadh na pleananna treorach breac-chuntas ar chur chuige na scoile i leith na treorach go ginearálta agus ar an gcaoi ar féidir tacú le daltaí agus cabhrú leo chun roghanna a dhéanamh agus aistriú rathúil a dhéanamh sna réimsí pearsanta, sóisialta, oideachais agus gairme. Chomh maith leis sin, ba chóir go ndéanfadh an plean idirdhealú idir na hinniúlachtaí atá ar fáil laistigh den scoil chun tacú le dalta agus cásanna nuair is cuí go ndéanfaí atreorú chuig na seirbhísí Sláinte nó comhairle a thabhairt do thuismitheoirí gur gá atreorú a dhéanamh chuig sainchomhairleoir míochaine faoi leith.

Ba chóir go ndéanfadh scoileanna machnamh ar an mbealach is fearr le leithdháileadh acmhainní a ailíniú le cuspóirí an Phlean Treorach. Ba cheart go mbeadh ról maoirseachta ag an mBord Bainistíochta agus dá réir sin go ndéanfadh sé an plean a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Go sonrach, ba chóir go ndéanfadh an Bord an plean agus an chaoi a bhfuil sé maoinithe a bhreithniú sula nglacfadh sé leis an bplean agus go gcuirfeadh sé ar fáil é don fhoireann ar fad, do na tuismitheoirí agus do na daltaí. Ba chóir go mbeadh na foilseacháin seo a leanas úsáideach chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an bhfeabhas sa leithdháileadh múinteoirí:
Creat um Sholáthar Treorach i Scoileanna Iar-Bhunoideachais a Bhreithniú (eisithe ag Cumann na bPobal Scoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha (ACCS), An Cumann Gairmoideachais in Éirinn (IVEA), Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB) agus Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)

http://www.ncge.ie/uploads/Guidance_Framework_document_May_1st_2012.pdf,
Treoirlínte um Fholláine in Iar-bhunscoileanna 2013
https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/Well-Being-in-Post-Primary-Schools-Guidelines-for-Mental-Health-Promotion-and-Suicide-Prevention-2013.pdf
agus **Lámhleabhar Scoile um Threoir** an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)

Am do Dhaltaí Aonair

Leis an gciorclán seo éilíonn an tAire go ndéanfaidh scoileanna an Plean Treorach Scoile a choigeartú chun Gníomhaíocht 9.1 a chomhlíonadh sa ***Phlean Gníomhaíochta um Oideachas 2017*** a shonraíonn gur chóir go mbeadh ***" leithdháileadh ama ar leith san áireamh le go mbeidh soláthar do threoirchomhairleoireacht duine le duine agus leithdháileadh ama don ról chun tacú leis an eagraíocht agus le hobair Fhoireann Tacaíochta na nDaltaí"***

(iii) Am Gairmiúil na Sraithe Sóisearaí

Tacófar le cur chun feidhme leasú na Sraithe Sóisearaí trí leithdháileadh am gairmiúil aonair do mhúinteoirí. Léiríonn sé seo an tiomantas faoi Chreat na Sraithe Sóisearaí 2015 chun an cineál seo tacaíochta a sholáthar, sa chaoi go gcabhraítear le múinteoirí chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí gairmiúla i gcomhar mar mhodh ag tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú. Tá sé i gceist go dtacóidh an leithdháileadh le soláthar 22 uair d'am gairmiúil do mhúinteoirí lánaimseartha a bhfuil baint dhíreach acu le teagasc na Sraithe Sóisearaí, chun laghdú san am ranga foriomlán le daltaí a sheachaint, agus go mbeidh soláthar comhfhreagrach pro-rata ann do mhúinteoirí páirtaimseartha. Cuirfear an t-am gairmiúil ar fáil trí leithdháileadh a dhéanamh ar 550 post breise coibhéise lánaimseartha ar scoileanna. Léirítear an leithdháileadh sin ar sceideal sholáthar foirne gach scoile agus is ionann é agus an leithdháileadh breise a chuirfí ar fáil trí laghdú de 0.5 a dhéanamh sa Chóimheas idir Daltaí agus Múinteoir.

Ní áirítear leithdháileadh don tSraith Shóisearach sna sceidil foirne d'iar-bhunscoileanna deonacha ag an am seo mar gheall ar an ngníomhaíocht thionsclaíoch atá ag dul ar aghaidh san am i láthair.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi shocruithe a bhaineann le ham gairmiúil, déan tagairt do **Chiorclán 0015/2017 –Socruithe um Fheidhmiú an Chreata don tSraith Shóisearach, le tagairt ar leith do scoilbhlianta 2017/18 agus 2018/19.**

1.3 Ath-imlonnú

(i) Tugtar cosaint in aghaidh iomarcaíocht éigeantach do bhaill foirne a dtuigfí iad ag an gComhaontú i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/Bhóthar Lansdúin). Faoi láthair baineann an Comhaontú seo le:

- múinteoirí atá fostaithe i scoileanna agus in ionaid de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (seachas Coláistí Pobail Ainmnithe); agus

- múinteoirí atá fostaithe i Meánscoileanna Deonacha, i gColáistí Pobail Ainmnithe agus i Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha ar baill d'Aontas Múinteoirí Éireann iad agus a d'ainmnigh iad féin tríd an "bhFoirm Toilithe Múinteora de chuid an Údaráis Chlárúcháin Áitiúil", atá le fáil i gCiorclán 0045/2016, a chur isteach.

Tá cosaint ag na múinteoirí sin in éadan na hiomarcaíochta éigeantaí agus, dá réir sin, i gcás go n-ainmneofar iad mar bhaill foirne farasbairr, beidh siad i dteideal ath-imlonnaithe sa bhliain 2017/18 de réir na Scéime Ath-imlonnaithe Iar-bhunscoile.

D'fhéadfadh gach múinteoir eile, i gcás go n-ainmneofaí iad mar fharasbarr, bheith faoi dhliteanas na hiomarcaíochta éigeantaí.

(ii) Ath-imlonnú múinteoirí i scoileanna ina bhfuil soláthar foirne de bhreis ar an leithdháileadh atá ceadaithe

Chun críche na scéime ath-imlonnaithe tarlaíonn cás ina bhfuil barraíocht múinteoirí nuair atá múinteoir buan nó múinteoir ar chonradh tréimhse éiginnte amháin, nó níos mó, sa bhreis ar a leithdháileadh fostaithe i scoil. Is é an figiúr leithdháilte chun na críche sin ná an leithdháileadh ar an 31 Nollaig 2016 don scoilbhliain 2017/18. Cuireadh é sin in iúl do scoileanna atá sa chatagóir seo ar an 17 Eanáir 2017 chun go mbeadh ar chumas na scoileanna seo tús a chur leis an bpróiseas pleanála d'fhorfheidhmiú na scéime ath-imlonnaithe. Tá dualgas ar na scoileanna seo anois na múinteoirí aonair sa bhreis a shainaithint ar Chuid B, Mír 4 den Fhoirm CC 17/18.

Mar chuid den phróiseas ath-imlonnaithe, tá dualgas ar gach scoil anois an Stiúrthóir Ath-imlonnaithe a chur ar an eolas faoi gach folúntas teagaisc ar Chuid B, Roinn C den Fhoirm CC 17/18. Ní mór folúntais bhreise a mbíonn údarás na scoile ar an eolas fúthu ar nó roimh an 31 Bealtaine 2017 a chur in iúl don Stiúrthóir ar Chuid B, Mír C den Fhoirm CC 17/18 laistigh de chúig lá oibre ón uair is eol don scoil faoin bhfolúntas.

Beidh sé mar choinníoll de líonadh aon fholúntais dá leithéid ina dhiaidh sin gur cuireadh in iúl don Stiúrthóir é a luaithe agus a tháinig sé chun cinn agus mar chuid den phróiseas seo.

Is cuspóir den scéim ath-imlonnaithe go mbeidh sí tugtha chun críche faoin 31 Bealtaine in aon bhliain faoi leith ar mhaithe le líonadh folúntas a éascú.

Ní féidir aon fholúntais bhuana a dtiocfar ar an eolas fúthu tar éis an 31 Bealtaine 2017 a líonadh ach ar bhonn sealadach amháin don scoilbhliain 2017/18.

Is féidir le Boird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta ach **ní cheadaítear dóibh múinteoir a cheapadh** chun folúntas a líonadh don scoilbhliain 2017/8 go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach bhfuil folúntais poist ag teastáil le haghaidh ath-imlonnú múinteoirí buana/múinteoirí ar chonradh tréimhse éiginnte farasbairr.

(iii)Ath-imlonnú múinteoirí a cháiligh do Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) de réir Chiorclán 0024/2015

Féadfar múinteoirí a cháilíonn do CTÉ de réir Chiorclán 0024/2015 a ath-imlonnú sna himthosca seo a leanas:

(a) Is féidir múinteoir a fuair CTÉ mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh ar son múinteora atá ar shos gairme nó ar iasacht a ainmniú mar ath-imlonnú éigeantach díreach sula bhfilleann an múinteoir a bhfuil sé/sí ag déanamh ionadaíochta ar a shon/son.

Sa chás sin, is féidir le bainistíocht na scoile deis a thabhairt don mhúinteoir atá ag filleadh ó shos gairme/iasacht cur isteach ar ath-imlonnú deonach. Is féidir le hiarratasóir deonach, faoi réir cúinsí ar leith, a ath-imlonnú in ionad ainmní éigeantach.

(b) Is féidir múinteoir a fuair CTÉ faoin tréimhse cháilithe laghdaithe d'fhostaíocht leanúnach nó de bharr é/í bheith ag déanamh ionadaíochta ar son múinteora a bhí ar shos gairme nó ar iasacht a ainmniú mar ath-imlonnú éigeantach sna cásanna seo a leanas:

- tá neamhréir ábhar sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) – nuair atá níos mó acmhainní teagaisc ag an scoil/BOO in ábhar/ábhair an mhúinteora seo ná mar a theastaíonn chun na riachtanais churaclaim a shásamh san ábhar/sna hábhair i scoilbhliain shainithe faoi leith, **agus**
- tá sé déanta amach ag an scoil/BOO gur féidir an neamhréir sin a réiteach go hiomlán nó cuid de a réiteach dá ndéanfaí múinteoir nó múinteoirí atá clúdaithe ag an scéim seo a ath-imlonnú.

Sa chás sin is féidir le bainistíocht na scoile deis a thabhairt do mhúinteoirí an ábhair a mbaineann neamhréir leis cur isteach ar ath-imlonnú deonach áit a bhfuil folúntas oiriúnach ar fáil agus go bhfuil glactha ag an iarratasóir leis seo.

Ní mór do na scoileanna **Foirm RD3 17-18** a chur isteach i ngach cás.

Tabhair do d'aire,– de réir Ailt 1.3(1), go bhféadfaí múinteoirí a ainmnítear mar fharasbarr bheith faoi dhliteanas na hiomarcaíochta éigeantaí.

(iv) Scéim Phíolótach um Ath-imlonnú Deonach

Beidh Scéim Phíolótach um Ath-imlonnú Deonach ag feidhmiú sa bhliain 2017 i gContae Thiobraid Árann, i gContae Laoise, i gContae Uíbh Fhailí, i gContae na hIarmhí agus i gContae an Longfoirt.

Tugtar breac-chuntas anseo ar **Scéim Phíolótach um Ath-imlonnú Deonach 2017-18**

2 Leithdháileadh Ceadaithe de Phoist Teagaisc sa sceideal de sholáthar foirne

2.1 Príomhoide/Príomhoide Ionaid:

2.1.1 Príomhoide:

Leithdháiltear post i leith príomhoide ar gach scoil aitheanta.

2.1.2 Príomhoide Ionaid:

Déantar post an Phríomhoide Ionaid a leithdháileadh ar gach scoil aitheanta mar seo a leanas:

Rollú Daltaí (Iar-Ardteistiméireacht san áireamh)	Leithdháileadh i leith Príomhoide Ionaid (coibhéis lánaimseartha)
1-150	0.25
151-300	0.50
301-400	0.75
401-699	1
700-899	2
900+	3

2.2 Leithdháileadh Bunaithe ar Rollú:

2.2.1 Gnáthrollú

Tugtar leithdháileadh don Ghnáthrollú i leith an rollaithe cheadaithe sa Teastas Sóisearach, Teastas Sóisearach – Clár Scoile, san Idirbhliain, san Ardteistiméireacht, i nGairmchlár na nArdteistiméireachta (GCAT), san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus in Athscrúdú na hArdteistiméireachta.

Ó Mheán Fómhair na bliana 2017, rachaidh an cóimheas idir daltaí agus múinteoir ar ais go 19:1 do gach iar-bhunscoil ar scéim shaoroideachais.

Cuirtear cóimheas 23:1 i bhfeidhm i leith daltaí i ngach scoil aitheanta atá lasmuigh den chóras saoroideachais.

2.2.2 Soláthar Treorach:

Sa tábla thíos leagtar amach bonn ríofa an leithdháilte treorach ar leith trí thagairt don rollú ceadaithe, daltaí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh.

	Laghdú sa chóimheas idir daltaí agus múinteoir (CDM) chun Soláthar Treorach a choigeartú				
Catagóir	**2012**	**2016**	**2017**	**Laghdú Iomlán**	**CDM 19:1 lúide laghdú**
Scéim Shaoroideachais – Nach scéim DEIS í		0.3	0.1	0.4	18.6
Scéim Shaoroideachais - DEIS	0.75	0.3	0.1	1.15	17.85
A Ghearrann Táillí*			0.2	0.2	18.8

*Tá laghdú an CDM do Sholáthar Treorach ann trí thagairt do CDM 19:1.

2.2.3 Athleasú na Sraithe Sóisearaí:

Is ionann leithdháileadh Athleasú na Sraithe Sóisearaí agus an leithdháileadh breise a chuirfí ar fáil trí laghdú 0.5 sa chóibheas idir daltaí agus múinteoir. Déantar é a ríomh trí thagairt a dhéanamh don rollú ceadaithe, gan daltaí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, mar seo a leanas:

Catagóir Scoile	**Is ionann leithdháileadh Athleasú na Sraithe Sóisearaí agus an difríocht idir:**	
	Cóimheas idir Daltaí agus Múinteoir mar atá	**Cóimheas idir Daltaí agus Múinteoir laghdaithe faoi 0.5**
Scéim an tSaoroideachais	19:1	18.5:1
Gearradh Táillí	23:1	22.5:1

2.2.4 Riachtanais Speisialta:

Tá an tsamhail nua do leithdháiltí múinteoirí i gcomhair Riachtanas Speisialta Oideachais foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

Beidh deireadh le leithdháileadh Tacaíocht Foghlama/Teanga agus Riachtanais Speisialta ag deireadh na scoilbhliana 2016/17.

Is ionann an leithdháileadh i gcomhair Riachtanas Speisialta a eisíodh chuig gach scoil sa chéad sceideal de sholáthar foirne agus 100% de leithdháileadh na scoile don scoilbhliain 2017/18.
Tá na mionsonraí ar fad faoin tsamhail nua leithdháilte le fáil i g**Ciorclán 0014/2017.**

2.2.5 An Teastas Sóisearach – Clár Scoile (TSCS):

Tá leithdháileadh múinteora 0.25 (coibhéis lánaimseartha) sa bhreis á dheonú do gach scoil atá rannpháirteach do gach grúpa suas go dtí 45 dalta aitheanta agus an líon sin san áireamh atá rannpháirteach sa Teastas Sóisearach – Clár Scoile, faoi réir an uaslín de 135 dalta.

Tá scoil teoranta do ghrúpa amháin a bhfuil uaslíon de 45 dalta TSCS ann sa bhliain a dtosaíonn sí an TSCS agus sa dá scoilbhliain ina dhiaidh sin.

2.2.6 An Ardteistiméireacht Fheidhmeach:

Leithdháiltear post 0.50 coibhéis lánaimseartha ar gach scoil a bhfuil Ardteistiméireacht Fheidhmeach á reáchtáil inti.

2.2.7 Daltaí aitheanta ar Chláir Iar-Ardteistiméireachta (IAT):

Tá cóimheas 19:1 i bhfeidhm i leith daltaí atá cláraithe ar chlár IAT.

2.2.8 An Ghaeilge:

Leithdháiltear post breise maidir le gach scoil lán-Ghaeilge ainmnithe (Aicmiú Scoile 1).

2.2.9 Teagmháil Bhaile Scoile agus an Phobail:

Tá seirbhísí Comhordaitheoir Teagmháil Bhaile, Scoile agus an Phobail (TBSP) ar fáil do gach Bunscoil agus Iar-bhunscoil Uirbeach atá ann cheana (i.e. roimh sheoladh Phlean DEIS 2017 agus roimh fhoilsiú scoileanna nua DEIS ar an 13 Feabhra 2017) agus a roghnaíodh chun a bheith rannpháirteach in DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna). Déantar poist chomhordaitheoirí TBSP a leithdháileadh ar scoil ar bhonn lánaimseartha nó ar bhonn comhroinnte idir braisle scoileanna. I roinnt cásanna, déantar poist TBSP a chomhroinnt i measc scoileanna ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile chun Comhordaitheoirí TBSP a bhíonn ag obair le teaghlaigh daltaí atá faoi mhíbhuntáiste a éascú. Sa chás go ndéantar poist TBSP a chomhroinnt, leithdháiltear post iomlán amháin don scoil bhunáite agus déantar é a chomhroinnt le scoil(eanna) eile sa bhraisle. Is í an scoil bhunáite do phost an Chomhordaitheora TBSP an scoil ina bhfuil an Comhordaitheoir fostaithe mar mhúinteoir faoi láthair.

Cuirfear amach scéala chuig Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Uirbeacha a áirítear sa liosta a d'fhoilsigh an Roinn ar an 13 Feabhra 2017 níos faide anonn sa bhliain maidir leis an bhfógra TBSP. Caithfear próiseas a thosú le Bainisteoirí Sinsearacha Seirbhísí Comhtháite, Tusla, maidir le socruithe braisle do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna uirbeacha atá ann cheana (i.e. roimh an bhfógra a rinneadh ar an 13 Feabhra 2017) agus do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna nua a fógraíodh ar an 13 Feabhra.

2.2.10 Tacaíocht Teanga (Béarla mar Theanga Breise):

Ón scoilbhliain 2012/13 tá leithdháileadh éigin soláthair ar fáil do gach iar-bhunscoil chun bheith in ann tacaíocht bhreise teagaisc a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta/teanga acu ag éirí as riachtanais a bhaineann leis an mBéarla bheith mar Theanga Bhreise.

Sa leithdháileadh nua do Riachtanais Speisialta Oideachais tá an soláthar seo fós ann agus cinntíonn sé sin go mbeidh leithdháileadh bunúsach ar fáil do gach scoil chun cabhrú le daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama agus litearthachta acu, san áireamh anseo tá na deacrachtaí a éiríonn as riachtanais an Bhéarla mar Theanga Bhreise.

Cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm sa scoilbhliain 2012/13 do scoileanna ina raibh líon ard daltaí ag fáil tacaíocht teanga (Béarla mar Theanga Breise). Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte seo sa bhliain 2017/18.

Is féidir le scoileanna ina bhfuil líon suntasach den rollú iomlán daltaí ag fáil tacaíocht teanga (Béarla mar Theanga Bhreise) agus a bhfuil níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) acu, achomharc a dhéanamh le haghaidh athbhreithnithe má chuireann siad isteach Foirm AP 17/18 chuig an mBord Neamhspleách um Achomhairc do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile chun breis acmhainní a lorg.

2.2.11 Acmhainn:

Leithdháileadh na poist sin sna blianta roimhe seo ar roinnt scoileanna chun tacú le ranganna/grúpaí speisialta ina raibh riachtanais speisialta aitheanta. Leanfaidh an leithdháileadh sin sa bhliain 2017/18.

2.2.12 Tacaíocht Foghlama Teanga (Taistealaithe):

Sa scoilbhliain 2011/12 cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm do scoileanna ina raibh líon ard daltaí ar Taistealaithe iad. Gheobhaidh na scoileanna seo an leithdháileadh sin arís sa scoilbhliain 2017/18.

2.2.13 Scoileanna Comhoideachais i scoilcheantar ina bhfuil iar-bhunscoil amháin:

Leithdháileadh post breise 0.5 coibhéis lánaimseartha ar na scoileanna seo sa scoilbhliain 2010/11 chun go mbeadh ar a gcumas an réimse is mó agus is féidir de roghanna ábhar a chur ar fáil dá gcuid daltaí. Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte seo sa bhliain 2017/18.

2.2.14 Comhoibriú Scoile:

Sa scoilbhliain 2010/11 leithdháileadh líon beag post buan ar scoileanna atá cónasctha le hiar-bhunscoileanna eile áitiúla chun rogha na n-ábhar a mhéadú i scoilcheantar. Leanfar leis an leithdháileadh seo ar na scoileanna seo sa bhliain 2017/18.

2.2.15 Comhordaitheoir Cláir:

I scoil ina bhfuil daltaí cláraithe ar Chlár Scoile don Teastas Sóisearach, ar Chlár na hIdirbhliana, ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta nó ar Chlár na Ardteistiméireachta Feidhmí, gheobhaidh údaráis na scoile leithdháileadh uaireanta teagaisc bunaithe ar an rollú iomlán i ngach clár agus de réir théamaí **Chiorcláin PPT 17/02.** Leithdháilfear na huaireanta teagaisc mar seo a leanas:

Líon na nDaltaí	Coibhéis Lánaimseartha (CL)
1-59	0.09
60-99	0.14
100-139	0.18
>140	0.27

3 Cruinneas sonraí ar an an sceideal tosaigh :

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil na bunsonraí a úsáideadh leis an leithdháileadh seo a chruthú cruinn.

Nuair a gheofar an sceideal tosaigh, ba chóir don údarás scoile a dhearbhú go bhfuil na sonraí ceart agus go léiríonn siad na tuairisceáin atá déanta ag an scoil i leith a daltaí agus múinteoirí.

Ní mór míchruinneas sna mionsonraí rollaithe agus leithdháilte a chur in iúl **láithreach** do:

Rollú - **p_podhelpdesk@education.gov.ie**
Leithdháileadh - **allocations@education.gov.ie**

Cuirfear coigeartuithe ar thaifid rollaithe nó leithdháilte mar gheall ar fhaisnéis athbhreithnithe in iúl do scoileanna i mí na Bealtaine in éineacht leis na cinntí lamháltas Curaclaim.

4 Iarratais ar choigeartú ar leithdháileadh múinteoirí

Breithneoidh an Roinn iarratais ar choigeartú ar an leithdháileadh múinteoirí i leith lamháltas curaclaim agus/nó rollú méadaithe réamh-mheasta. Ba chóir iarratais den chineál a dhéanamh **ar nó roimh Aoine 24 Márta 2017** ach amháin i gcás achomharc dar dáta deiridh Aoine 12 Bealtaine 2017 (féach paragraf 7). Tabhair do d'aire gur trí ath-imlonnú, nuair is féidir, a líonfar leithdháileadh uaireanta/post faoi na tosca seo.

4.1 Tacaíocht ghearrthréimhseach (Lamháltas Curaclaim) don teagasc i réimsí sainiúla curaclaim:

Féadann scoil a dtéann easnaimh gan choinne scileanna i bhfeidhm orthu nach raibh siad in ann a réiteach trí phróisis pleanáil scoile agus bainistíochta, iarratas a chur isteach ar fhoireann bhreise mar thaca gearrthréimhseach ag **Cuid A Mír 1 d'Fhoirm CC 17-18.**

Tá treoirlínte a bhaineann lena leithéid d'iarratais leagtha amach in Aguisín 2 den chiorclán seo.

4.2 Méadú réamh-mheasta rollaithe nach féidir freastal air laistigh den leithdháileadh faofa:

Breithneofar iarratais (ar **Chuid A Mír 1 d'Fhoirm CC 17-18**) ar bhonn 95% den rollú iomlán réamh-mheasta. Cuirfear in iúl do scoileanna i mí Aibreáin má bhíonn leithdháileadh breise tuillte mar gheall ar líon daltaí réamh-mheasta ach ní cheadófar leithdháileadh breise go dtí go ndearbhófar an rollú iarbhír.

Níor chóir aon chonradh a dhéanamh le múinteoirí maidir le rollú réamh-mheasta go dtí go mbeidh an t-údarás scoile cinnte go bhfuil an rollú méadaithe le tarlú. Athbhreithneofar figiúirí rollaithe i Meán Fómhair agus is ar bhonn 95% de rollú iarbhír Mheán Fómhair a dheonófar an leithdháileadh.

Má dhéantar áibhéil d'aon turas ar líon daltaí ar mhaithe le hacmhainní breise a éileamh ar an Roinn, cuirfear in iúl don Gharda Síochána agus d'fhéadfadh ionchúiseamh coiriúil a bheith mar thoradh uirthi.

5. Comhlánú Foirmeacha CP1

Is gá staid cheapacháin baill foirne teagaisc na scoile i leith scoilbhliain 2017/18 a shocrú go soiléir. Eisíodh Foirm CP1 chaighdeánach chuig gach scoil ina léirítear an staid reatha cheapachán.

Tá d'iallach ar scoileanna múinteoirí a shainaithint ar Fhoirm CP1 a bheidh, le linn scoilbhliain 2017/18:

- Ag éirí as/ag dul ar scor (deimhnigh dáta)
- ag tosú ar, ag leanúint de nó ag críochnú socruithe sos gairme, postroinnte nó iasachta
- ag cáiliú i gcomhair CTÉ (deimhnigh uaireanta)

Caithfear an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig an Roinn **ar nó roimh Aoine 24 Márta 2017.**

6. Conarthaí Tréimhse Éiginnte (CTÉ)

Ní mór do scoileanna cur isteach ar chead Roinne i gcomhair bronnadh Conradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) maidir le múinteoir atá incháilithe ar bhronnadh CTÉ i scoilbhliain 2017/18. Féach **Ciorclán 0045/2016** i gcomhair eolais a bhaineann le cáilitheacht CTÉ. Caithfear iarratais a dhéanamh ar:

- Foirm CTÉ 13A - Maidir le bronnadh CTÉ den chéad uair
- Foirm CTÉ 13B - Maidir le bronnadh CTÉ breise

Foirm H22 –Iarratas ar thuarastal iomlán do mhúinteoir a bhfuil CTÉ 18 n-uair an chloig nó níos mó aige/aici

Má tá CTÉ 18 n-uair an chloig nó níos mó i gceist is féidir amchlár suas le 22 uair a thabhairt dó/di ar aon dul le **Ciorclán 0048/2007**.

Tá Foirm H22 le cur isteach, nuair is cuí, le foirm iarratais **CTÉ 13A** or **CTÉ 13B.**

7. Achomhairc in aghaidh chinntí de chuid na Roinne maidir le leithdháiltí tosaigh nó breise

Breithneoidh an Bord Achomhairc Iar-Bhunscolaíochta, a fheidhmíonn go neamhspleách ar an Aire agus ar an Roinn, achomhairc ó scoil/BOO maidir le leithdháiltí múinteoirí i leith scoilbhliain 2017/18 faoi na critéir seo a leanas:

- Cinneadh na Roinne ar iarratas na scoile/BOO ar lamháltas curaclaim;
- An leithdháileadh tacaíocht teanga (EAL) do dhaltaí a bhfuil inniúlacht níos ísle ná B1 (inniúlacht Leibhéal 3 acu).

Ní bhreithneoidh an Bord ach achomhairc a dhéanann an t-údarás bainteach bainistíocht scoile ar Fhoirm AP 17-18 agus is ag an mBord a bheidh an cinneadh deiridh.

Ní mór iarratais a chur isteach ar **Fhoirm AP 17-18 faoi Aoine 12 Bealtaine** chuig:

An Rúnaí
An Bord Neamhspleách Achomharc
f/ch Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí Iar-bhunscoile
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co na hIarmhí
N37 X659

8. Foirmeacha

Tá liosta de na foirmeacha bainteacha (agus naisc bhainteacha) agus na dátaí deiridh cuí chun iarratais a fháil leagtha amach in Aguisín 1.

Paraic Joyce
Príomh-Oifigeach
Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí Iar-bhunscoile

Feabhra 2017

Aguisín 1

Liosta Foirmeacha agus Dátaí Deiridh – 2017/18

Foirm	Feidhm gach foirme	Dáta Deiridh le haghaidh foirm(eacha) chomhlánaithe a bheith faighte ag an Roinn
CP1	Staid cheapacháin scoile ar dháta an leithdháilte tosaigh .i. liosta múinteoirí atá ar phárolla reatha na Roinne. Scríobh sa cholún tráchta cé acu atá múinteoir ag dul ar scor, ag éirí as, ar iasacht, ag tógáil sos gairme, ag postroinnt nó ag cáiliú i gcomhair CTÉ. Nuair a bhíonn múinteoir ar shos gairme nó ar iasacht, scríobh an líon blianta .i. "Sos Gairme, Bliain 3"	**Aoine 24 Márta 2017**
CC 17- 18	Cuid A Mír 1 - Iarratas ar thacaíocht bhreise theagaisc i gcomhair Riachtanais Churaclaim (Lamháltas Curaclaim) Mír 2 - Deimhniú rollú réamh-mheasta i leith scoilbhliain 2017/18 Cuid B Mír 3– Deimhniú gach folúntais i leith scoilbhliain 2017/18 Mír 4- Le comhlánú ag scoileanna nuair a ainmnítear múinteoir breise le haghaidh ath-imlonnú éigeantach Mír 5 – Le comhlánú ag scoileanna nuair a ainmnítear múinteoir le haghaidh ath-imlonnú ar aon dul le Ciorclán 0024/2015 Cuid C – Deimhniú ag Údarás Scoile	**Aoine 24 Márta 2017**
RD1 17-18	Iarratas ó mhúinteoir Buan/CTÉ ar ath-imlonnú ar aon dul le scéimeanna ath-imlonnú iar-bhunscolaíochta • ainmnithe i gcomhair ath-imlonnú éigeantach • iarratas ar ath-imlonnú deonach	**Aoine 24 Márta 2017**
RD3 17-18	Deimhniú ag scoil nuair a bronnadh CTÉ ar mhúinteoir faoi Chiorclán 0024/2015 agus: • tá an múinteoir a raibh sé/sí ag glacadh a (h)áite ag filleadh ó shos gairme nó iasacht, nó • tá neamhréir churaclaim ina (h)ábha(i)r	**Aoine 24 Márta 2017**
RD10	Foirm le comhlánú ag múinteoir a ainmníodh i gcomhair ath-imlonnú má mheasann sé/sí nár comhlíonadh an próiseas agus gnásanna a leagadh amach sa chomhaontú ath-imlonnaithe	**Aoine 24 Márta 2017**

Pilot Vol RD1 17-18	Iarratas ar scéim ath-imlonnaithe dheonach phíolótach 2017/18	**Aoine 24 Márta 2017**
CTÉ 13A	Iarratas ar bhronnadh Conradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) ar mhúinteoir den chéad uair	**Aoine 24 Márta 2017**
CTÉ 13B	Iarratas ar bhronnadh Conradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) breise ar mhúinteoir	**Aoine 24 Márta 2017**
H22	Iarratas ar thuarastal iomlán do mhúinteoir a bhfuil CTÉ 18 n-uaire nó níos mó aige/aici (le cur isteach, nuair is infheidhme, le Foirm CTÉ 13A or CTÉ 13B	**Aoine 24 Márta 2017**
AP 17-18	Iarratas, ag Scoil/BOO chuig an mBord Achomharc Neamhspleách le hachomharc a dhéanamh i leith: • Cinneadh na Roinne ar lamháltais churaclaim; • An leithdháileadh ar dhaltaí tacaíocht teanga (EAL) a bhfuil inniúlacht níos lú ná B1 (inniúlacht leibhéal 3) acu.	**Aoine 12 Bealtaine 2017**

Aguisín 2

Tacaíocht Teagaisc Bhreise do bhunriachtanais churaclaim (Lamháltais Churaclaim)

Treoirlínte

1. Réamhrá

Tá d'iallach ar gach údarás bainistíocht scoile a gcuraclam, amchlár teagaisc, roghanna ábhar agus soláthar treorach a eagrú agus aird acu ar riachtanais daltaí laistigh de shrianta gnáthdháileadh faofa baill foirne de réir critéar agus polasaithe a shocraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna.
D'fhéadfadh sé go mbeadh deacracht thobann gan choinne ag údarás scoile ó am go chéile laistigh den ghnáth-leithdháileadh baill foirne (nach féidir leo a réiteach láithreach trína gcuid próiseas pleanáil agus bainistíocht scoile) maidir le buntiomantais churaclaim a chomhlíonadh ionas gur féidir le daltaí leanúint de staidéar ar ábhar áirithe go dtí deireadh a gcláir. Nuair a bhíonn a leithéid de thosca i gceist, féadann údarás scoile iarratas a chur isteach ar lamhálta(i)s curaclaim mar thaca gearrthréimhseach. Bítear ag dúil, seachas i gcúinsí eisceachtúla, nach dtiocfaidh sé seo aníos ach amháin nuair a bhíonn rollú scoile ag forbairt nó ag meath.

2. Athbhreithniú Bainistíocht Scoile –Roimh iarratas a chur isteach ar Lamháltas Curaclaim

Roimh chinneadh gur gá cur isteach ar lamhálta(i)s curaclaim, ar dtús ní mór d'údarás scoile:

(a) Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phleanáil curaclaim agus ath-imlonnú foirne (iniúchadh curaclaim) lena fháil amach an féidir riar ar riachtanais churaclaim na scoile laistigh de ghnáth-leithdháileadh foirne 2017/18 agus, sa mhéantéarma go 2018/19.

(b) A chinntiú go bhfuil gach post faofa teagaisc á bhfeidhmiú go hiomlán agus iad ar an amchlár.

(c) Roghanna comhoibriú idir scoileanna a mheas ag leibhéal áitiúil maidir le comhroinnt foirne agus acmhainní reatha teagaisc, go háirithe i dtaca le hábhair mhionlaigh de, ionas go gcuirfear seirbhísí oideachais ar fáil don cheantar atá éifeachtach, éifeachtúil.

3. Iarratas ar Lamháltais Churaclaim

Más dóigh le scoil fós, i ndiaidh athbhreithniú ag an údarás scoile, gur gá cur isteach ar lamhálta(i)s curaclaim ba chóir dóibh an t-iarratas a chomhlánú ar **Chuid A Mír 1 d'Fhoirm CC17-18** agus dhá chóip chlóscríofa a chur chuig: Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí Iar-Bhunscolaíochta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

Aoine 24 Márta 2017 an dáta deiridh i gcomhair iarratas. Ba chóir d'údaráis scoile cruthúnas ar phostas a choinneáil. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ach amháin i

gcúinsí eisceachtúla.

Ba chóir d'iarratasóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh go soiléir:

(a) A léiriú mar a chuaigh an t-údarás bainistíochta i gceann pleanáil éifeachtach scoile agus imlonnú foirne.
(b) A chur in iúl gur gá tacaíocht ghearrthréimhseach - ar feadh 1 scoilbhliain de ghnáth, ach ní níos faide ná 2-3 scoilbhliain, lena chur ar chumas údarás scoile freagairt do dheacrachtaí aitheanta curaclaim.
(c) Breac-chuntas a thabhairt, más infheidhme, ar aon riachtanas ar leith atá ag scoileanna beaga neamhspleácha, ar an bhféidearthacht a bhaineann le freastal ar riachtanais churaclaim trí shocruithe comhoibrithe idir scoileanna sa chomharsanacht agus ar thosca eisceachtúla, amhail deacrachtaí sealadacha cóiríochta.

Ba chóir go mbainfeadh iarratais ar **Chuid A Mír 1 d'Fhoirm CC17-18** le lamháltais churaclaim amháin. Ní féidir iarratais a dhéanamh a bhaineann le leithdháiltí breise ach de réir polasaí ginearálta. Lena chois sin, ní féidir lamháltais churaclaim a iarraidh chun a chur ar chumas scoileanna soláthar curaclaim a choinneáil ná a fhorbairt nach féidir a choinneáil ag dul laistigh den rollú, líon foirne agus pleananna scoile.

Ní féidir ach iarratas amháin in aghaidh na scoile a dhéanamh i leith scoilbhliain 2017/18. Iarrtar ar scoileanna **dhá chóip chlóscríofa den fhoirm iarratais a chur isteach.**
Cuirfidh an Roinn cinntí in iúl d'Údaráis Scoile in Aibreán 2017.

4. Nós Imeachta Achomhairc

Mura bhfuil Údarás Scoile sásta le cinneadh de chuid na Roinne maidir lena iarratas ar lamháltas curaclaim, féadann an tÚdarás achomharc a dhéanamh leis an mBord Achomharc Neamhspleách ar **Fhoirm AP 17-18** – féach Mír 7 de **Chiorclán 0010/2017 - Leithdháileadh Faofa Poist Teagaisc scoilbhliain 2017/18 i Meánscoileanna Deonacha.**